



#ThinkLanguages Week

Think Global Act Local

Féile Teangacha agus Chultúr na
hIdirbhliana Lámhleabhar Pleanála
17–21 Samhain 2025

Contents

Fáilte chuig Seachtain #ThinkLanguages 2025!	1
Mar a oibríonn #ThinkLanguages	2
Mar atá #ThinkLanguages ag teacht le Clár na hIdirbhliana	3
Achoimre ar an bPleanáil don Fhéile	5
Céim 1 Iarr ar Scoláirí a bheith ina mBaill d'Fhoireann Seaimpíní	6
Céim 2 Déan Iniúchadh ar	
Áiseanna agus ar Dheiseanna	8
• Áiseanna Pleanála	8
• Áiseanna Chur Chun Cinn	9
• Áiseanna Cláir	10
• Ceardlanna ar Líne	11
• #ThinkLanguages ar Champas	12
• #ThinkLanguages ag na hInstitiúidí Cultúrtha	14
• #ThinkLanguages ag an bPictiúrlann	15
• #ThinkLanguages sa Phobal Áitiúil	16
Céim 3 Déan Pleanáil agus Cur Chun Cinn	17
Céim 4 Bain sult as Seachtain #ThinkLanguages	18
Céim 5 Cuir isteach ar na Comórtais	20
• Comórtas Póstaeir do Scoláirí Aonair	21
• Comórtas Foireann Seaimpíní Vlag	22
Dúshlán Gaisce #ThinkLanguages	24

Smaoinigh ar Eispéiris
Saoil Níos Fearr
#ThinkLanguages

Smaoinigh ar Scileanna
Saoil a Neartú
#ThinkLanguages

Smaoinigh ar Chiorcal
níos leithne cairde
#ThinkLanguages

Smaoinigh ar Dheiseanna
Oibre Domhanda
#ThinkLanguages

Fáilte chuig Seachtain #ThinkLanguages 2025!

Bí réidh le cur isteach ar chomórtais na bliana 2025!

Tá áthas orainn dhá chomórtas iontacha a fhógairt i mbliana:

Comórtas Vlag na Foirne Seaimpíní

Iarr ar an bhFoireann Seaimpíní vlag a thaifeadadh i stíl clár faisnéise, agus taispeáin Seachtain #ThinkLanguages i do scoil dúinn. Rachaidh an fhoireann bhuacach chuig an mBruiséil, a bhuí lenár gcomhpháirtithe sa Roinn Ghnóthaí Eachtracha. Ná caill an deis – féach ar leathanach 22 chun teacht ar na sonraí ar fad!

Comórtas Póstaeir Do Scoláirí Aonair

Scaoil le do shamhlaíocht agus dear póstaer a thugann inspioráid do dhaoine. Tá duaiseanna iontacha ar fáil – féach ar leathanach 21 chun tuilleadh a fháil amach!



Go raibh maith agat as clárú do #ThinkLanguages 2025! Is é seo an t-ochtú bliain den imeacht agus tarlóidh an ceiliúradh ón **Luan 17ú go dtí an Aoine 21 Samhain 2025**.

Tá foireann #ThinkLanguages ag súil le tacaíocht a thabhairt duit. Is treoir chéim ar chéim é an lámhleabhar seo do na hacmhainní agus do na tacaí ar fad atá ar fáil duit chun féile spreagúil teangacha agus cultúr a chruthú i do scoil.

Seo thíos aidhmeanna Sheachtain #ThinkLanguages:

- > **Teangacha a cheiliúradh le chéile** i scoileanna, in ollscoileanna agus in eagraíochtaí ar fud na tíre
- > **Tacú** le múinteoirí spás a chruthú i bhféilire na scoile chun teangacha a chur chun cinn, mar aon le léiriú a dhéanamh ar an méid atá ar fáil mar gheall orthu lasmuigh den scoil
- > **Spreag scoláirí** na hIdirbhliana maidir le teangacha agus cultúir thart orthu taobh istigh den scoil, den phobal níos leithne agus ar fud an domhain
- > **Cuir ionchuimsiú chun cinn** in éineacht leis na buntáistí pearsanta, sóisialta, gairmiúla, agus cultúrtha a bhaineann le foghlaim teanga.
- > **Spreag scoláirí** Idirbhliana chun teangacha a roghnú ag an tsraith shinsearach agus san oideachas tríú leibhéal
- > **Téigh i dteagmháil** leis an bpobal áitiúil chun iad a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann le scileanna teanga

In do Phacáiste Tosaigh tá:

- > Lámhleabhar pleanála
- > Póstaeir
- > Láinnéir le ceangal ar Chártaí Tascanna Fhoireann na Seaimpíní
- > Bileoga páirtí
- > Bileog do scoláirí le clárú



Déan scanadh ar an gcód QR chun tuilleadh a fháil amach faoi #ThinkLanguages

Mar a oibríonn #ThinkLanguages

Is imeacht é #ThinkLanguages do gach duine san Idirbhliain, má chuidíonn siad lena eagrú nó má tá siad páirteach sa cheiliúradh.

Obair foirne atá i gceist

Dála gach féile iontach eile, baineann #ThinkLanguages le hobair foirne. Táimid ag iarraidh ar gach Comhordaitheoir Idirbhliana, Ceann Bliana Idirbhliana, Scoláire Idirbhliana, Múinteoir NTI agus gach ball foirne, oibriú le chéile, chun féile teangacha agus cultúr in bhur scoil féin a chruthú i rith na seachtaine **Luan 17 go hAoine 21 Samhain 2025**.

Ceap Foireann Seaimpíní #ThinkLanguages i measc scoláirí agus ceap Maoirseoir Foirne (Comhordaitheoir Idirbhliana nó Múinteoir NTI) chun cuidiú leis na scoláirí an ócáid a eagrú.

Táimid anseo chun cuidiú libh

Beidh Foireann #ThinkLanguages ar fáil fosta, ag cur fearas agus tacaí féile ar fáil chun cuidiú le féile do scoilse a dhéanamh iontach! Má tá ceist ar bith agat i rith an phleanála, déan teagmháil leis an bhfoireann ar **thinklanguages@ppli.ie**, nó cuir teachtaireacht ar an ngrúpa Facebook.

Lean muid ar na meáin shóisialta

f @LanguagesConnect.ie


x @langconnect_ie

@languagesconnect

youtube.com/languagesconnect

Áiseanna saor in aisce

Is féidir tuilleadh a fháil amach faoi na nithe atá ar fáil agus inspioráid a fháil don fhéile ar ár suíomh gréasáin **languagesconnect.ie/thinklanguages**



I measc na nithe atá ar fáil, tá buaicphointí ann ó fhéilí #ThinkLanguages roimhe seo, pleanálaithe is féidir a íoslódáil, noda agus cleasa, nuacht agus uasdátuithe ar imeacht na bliana seo, agus go leor leor eile!



Déan scanadh ar an gcód QR chun inspioráid a fháil

Téigh isteach inár ngrúpa Facebook

Tá grúpa Facebook ar leith do mhúinteoirí ar fáil mar spás chun inspioráid a fháil, chun smaointe a roinnt, agus chun ceisteanna a chur.

Cuardaigh grúpa 2025 #ThinkLanguages ar Facebook chun a bheith i do bhall den phobal múinteoirí a bhfuil imeacht #ThinkLanguages á phleanáil acu. Cuardaigh #ThinkLanguages ar X chun tuairim a fháil den mhéid atá déanta ag scoileanna eile.

Tá fuadar faoi Languages Connect ar X, ar Instagram agus ar Facebook, agus beidh uasdátuithe ar fáil orthu. Bí cinnte go leanann tú muid chun fáil amach faoin tslí a ndéanann scoileanna agus eagraíochtaí ceiliúradh ar #ThinkLanguages 2025.



Déan scanadh ar an gcód QR chun bheith i do bhall den ngrúpa Facebook

Mar atá #ThinkLanguages ag teacht leis an gclár Idirbhliana

Agus féile #ThinkLanguages á eagrú agat, roghnaigh téamaí a spreagfaidh smaointe atá cruthaitheach fiúntach. Agus é ag teacht leis an Ráiteas Clár Idirbhliana nua, cuireann #ThinkLanguages bealaí fiúntacha ar fáil do scoláirí le hiniúchadh a dhéanamh ar na luachanna atá i gcroí na hIdirbhliana agus le hiad a chur in iúl.

Faigh inspioráid ónár gcuid téamaí

Dearadh an Ráiteas Clár Idirbhliana nua thart ar fhorbairt scoláirí atá ag aistriú ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach, agus iad ag ullmhú dá saol mar shaoránaigh ina gceantar féin, ina dtír féin agus sa domhan.

Tacaíonn rannpháirtíocht in #ThinkLanguages leis an aidhm sin mar go nascann sí leis na ceithre 'Ghné Scolaire' – na rudaí tábhachtacha ar ar bunaíodh dearadh Chlár na hIdirbhliana:

- > Fás pearsanta
- > A bheith i d'fhoghlaimeoir
- > Rannpháirtíocht shibhialta agus phobail
- > Iniúchadh gairme

In #ThinkLanguages, tacaíonn na ceithre théama leis na 'Gnéithe Scolaire' mar a léirítear anseo iad.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar an mbealach a dtagann #ThinkLanguages le Ráiteas Chlár na hIdirbhliana, téigh chuig languagesconnect.ie/thinklanguages

Fás Pearsanta

I bhfoghlaim teanga nua, tá deis ann eispéiris nua a fháil, a théann i bhfad níos faide ná cumarsáid amháin – cuidíonn sí le forbairt mhuiníne, le tuiscint níos doimhne ar chultúr, agus leis an mbealach a dtéann scoláirí i ngleic leis an domhan a athrú ó bhonn.

A bheith i d'fhoghlaimeoir

Tá níos mó i gceist le máistreacht a fháil ar theanga nua ná stór focal a chur de ghlanmheabhair – is gá d'fhoghlaim teanga a bheith taitneamhach idirghníomhach. Is cuma más féachaint ar scannáin i dteanga eile atá ann, nó a bheith i ngrúpa comhrá, is scil saoil atá ann, seachas tasc.

Rannpháirtíocht shibhialta agus pobail

Má tá eolas ag scoláirí ar roinnt teangacha, beidh sé níos fusa cairdeas a dhéanamh le daoine ó chúirí éagsúla, agus cothaíonn sé ionchuimsitheacht agus tuiscint traschultúir. Beidh siad in ann comhráit níos doimhne a bheith acu, beidh meas acu ar thraidisiúin éagsúla, agus beidh siad in ann naisc fhiúntacha a dhéanamh i bpobail ilteangacha.

Iniúchadh Gairme

Is buntáiste é a bheith ilteangach i margadh fostaíochta an lae inniu. Má tá teanga eile ag daoine gairmiúla tá siad níos solúbtha, níos iomaíche, agus réidh le déanamh go maith i ndomhan idirnáisiúnta.

Smaoinigh ar Eispéiris Saoil Níos Fearr
#ThinkLanguages

Smaoinigh ar Scileanna Saoil a Neartú
#ThinkLanguages

Smaoinigh ar Chiorcal níos leithne cairde
#ThinkLanguages

Smaoinigh ar Dheiseanna Oibre Domhanda
#ThinkLanguages

Príomhdhátáí

- > **15 & 17 Meán Fómhair:**
Seisiúin Eolais ar Líne
- > **13 & 15 Deireadh Fómhair:**
Pobail Chleachtais ar Líne
- > **17-21 Samhain:**
Seachtain #ThinkLanguages
- > **1 Nollaig:**
 - Spriocdháta do Chomórtas Vlag na Foirne Seaimpiní
 - Spriocdháta don Chomórtas Aonair Póstaeir



Achoimre ar Phleanáil don Fhéile

Céim

1

Iarr ar Scoláirí a bheith ina mBaill d'Fhoireann Seaimpíní

- > Scaip an scéal agus spreag do chuid scoláirí Idirbhliana do #ThinkLanguages
- > Ceap Foireann Seaimpíní a bhfuil seisear scoláirí uirthi
- > Tabhair ról don Fhoireann Seaimpíní
- > Féach lgh 6-7 chun tuilleadh sonraí a fháil

Céim

2

Féach ar acmhainní agus ar thacaí

- > In éineacht leis an bhFoireann Seaimpíní, féach ar na tacaí atá ar fáil do Sheachtain #ThinkLanguages
- > Faigh amach cad atá ar fáil ó pháirtithe iontacha na bliana seo
- > Iarr ar chainteoirí ó do scoil féin agus ón bpobal áitiúil a bheith páirteach
- > Féach ar lgh 8-16 chun tuilleadh sonraí a fháil

Céim

3

Déan Plean agus Cuir Chun Cinn é

- > Pléigh gnéithe agus riachtanais na féile – ceardlanna, gníomhaíochtaí agus cainteoirí áitiúla san áireamh
- > Déan plean ar conas pacáiste imeachta #ThinkLanguages a úsáid, mar beidh réimse ábhar agus tacaí don fhéile ann
- > Cuir suas póstaer, cuir an t-imeacht a chur chun cinn ar na meáin shóisialta, agus tabhair cuireadh don phreas nó don raidió áitiúil teacht chuig an bhféile
- > Féach lgh 17 chun tuilleadh sonraí a fháil

Céim

4

Bain sult as Seachtain #ThinkLanguages

- > Tosaigh ceiliúradh #ThinkLanguages lenár Searmanas Oscailte ar líne
- > Cuir fáilte roimh na haonna agus roimh na cainteoirí
- > Glac grianghraif agus roinn na gníomhaíochtaí ar na meáin shóisialta
- > Déan taifeadadh ar an vlag do Chomórtas Vlag na Foirne Seaimpíní
- > Féach ar lgh 18-19 chun tuilleadh sonraí a fháil

Céim

5

Cuir isteach ar na comórtais

- > Cuir isteach ar an gComórtas Póstaer do Scoláirí Aonair faoin 1ú Nollaig
- > Chun cur isteach ar an gComórtas Foirne Seaimpíní líon an fhoirm iontrála isteach agus cuir vlag na Foirne Seaimpíní i gcrích faoin 1ú Nollaig
- > Féach ar lgh 20-23 chun tuilleadh sonraí a fháil

Céim 1

Earcaigh Foireann Seaimpíní

**Roghnaigh Foireann Seaimpíní
#ThinkLanguages le cuidiú le heagrú
na féile agus le vlag a dhéanamh ar
Sheachtain #ThinkLanguages sa scoil.**

Spreag na scoláirí le bheith páirteach!

Is bealach iontach é #ThinkLanguages le scoláirí a spreagadh le bheith gníomhach in imeacht scoile. Tugtar deis dóibh beocht a chur ina gcuid smaointe agus a rian a fhágáil ar an lá.

Mar aon le tacaíocht ó Mhaoirseoir Fhoireann #ThinkLanguages (Múinteoir/Comhordaitheoir Idirbhliana), eagróidh an seisear ball d'Fhoireann Seaimpíní #ThinkLanguages gach gné de reáchtáil na féile. Cuideoidh an bhileog chláráithe sa phacáiste tosaigh, libh scoláirí baill foirne a fáil don fhoireann.

Tá 6 ról le líonadh agus beidh gach cineál tallainne de dhíth! Molaimid duit iarraidh ar mhúinteoirí eile a bheith páirteach fosta chun rath an lae a chinntiú.

Is féidir na nithe seo a íoslódáil ónár suíomh gréasáin ag languagesconnect.ie/thinklanguages: bileog chláráithe Cáartaí tascanna Foireann Seaimpíní agus eile.

Cumhachtú sa Rannpháirtíocht

Nuair a ghlacann scoláirí páirt ghníomhach i bpleanáil imeachtaí, mothaíonn siad úinéireacht agus bród, éiríonn siad gafa leis agus spreagtha san fhoghlaim. Agus iad i gceannas ar thascanna, éiríonn a dtuiscint níos doimhne agus spreagann sé sin iad chun rudaí a dhéanamh as a stuaim féin.



Buntáistí don Scoil agus do Scoláirí Idirbhliana

I gcás scoileanna a ghlac páirt in #ThinkLanguages go rialta, deir siad go gcuireann sé fuinneamh breise i bhfoghlaim teangacha agus go gcuidíonn sé le cur chun cinn go leor de na cultúir atá sa scoil.

Deir scoláirí Idirbhliana go dtugann foghlaim teangacha nua agus cultúir nua taitní saoil níos leithne dóibh. Mhothaigh scoláirí eile bródúil go raibh siad ábalta a dteanga agus a gcultúr a roinnt lena gcomhscoláirí.

Tugann sé deis do bhaill Foireann Seaimpíní scileanna ceannaireachta a fhorbairt, agus iad ag obair ar chlár cuimsitheach imeachtaí a chur ar fáil dá gcomhscoláirí. Oibríonn an fhoireann le chéile agus glacann siad ceannaireacht ar réimsí éagsúla den imeacht.



Déan scanadh ar an gcód QR chun teacht ar fhíseán faoin tslí le hiarraidh ar an bhFoireann Seaimpíní a bheith páirteach

In do Phacáiste Tosaigh tá Bileog do scoláirí le clárú, lámhleabhar pleanála, cártaí tascanna fhoireann na seaimpíní agus láinnéir.

Foireann Seaimpíní agus Cártaí Tascanna

Roghnaigh seisear scoláirí don Fhoireann Seaimpíní. Tá cártaí tascanna ar chúl an lámhleabhair, agus tá moltaí ann do ról agus do fhreagrachtaí an tseisir atá ar an bhFoireann Seaimpíní. Níl sna tascanna ar na cártaí ach treoir – seans go mbeidh go leor smaointe éagsúla agaibh féin fosta!

Is féidir na cártaí tascanna a cheangal leis na láinnéir atá sa phacáiste tosaigh, agus iad a thabhairt do bhaill na Foirne Seaimpíní.



Céim 2

Féach ar Acmhainní agus ar Dheiseanna

Glac roinnt ama leis an bhFoireann Seaimpíní chun féachaint ar na hacmhainní, agus ar na deiseanna, atá ar fáil ó Fhoireann #ThinkLanguages agus ó pháirtithe #ThinkLanguages. Na hacmhainní atá le feiceáil ar na leathanaigh ina dhiaidh seo, cuideoidh siad libh pleanáil a dhéanamh, an tseachtain a chur chun cinn, agus sult a bhaint as an tSeachtain #ThinkLanguages is fearr in bhur scoil. Tá tacaíocht iontu a chabhróidh leat plé le páirtithe #ThinkLanguages.

Acmhainní Pleanála

Sna hacmhainní pleanála seo, tá deiseanna ann chun ceisteanna a chur, smaointe a roinnt agus inspioráid a fháil ó dhaoine eile.


Do mhúinteoirí

- > **Grúpa Facebook do mhúinteoirí:** Bí i do bhall den ghrúpa Facebook áit ar féidir le múinteoirí smaointe a roinnt, ceisteanna a chur agus inspioráid a fháil ó dhaoine eile
- > **Seisiún eolais do mhúinteoirí:** Cláraigh le haghaidh seisiún eolais ar líne faoi stiúir múinteoirí a d'eagraigh #ThinkLanguages roimhe seo, chun smaointe a fháil agus chun ceisteanna a chur
- > **Pobail Chleachtais do Mhúinteoirí:** Glac páirt san fhóram ar líne do mhúinteoirí chun smaointe a roinnt do Sheachtain #ThinkLanguages. Coinnigh súil ar ár meáin shóisialta chun eolas a fháil faoi dhátaí agus faoi chlárú do Phobail Chleachtais agus do sheisiún eolais

- > **Físeáin ar a bhfuil noda do Mhúinteoirí:** Sraith físeáin ghearra (níos giorra ná 2 nóiméad) ar fáil ar líne, ar a bhfuil eolas ar #ThinkLanguages atá éasca a aimsiú. Ina measc tá físeán do scoláirí a chuideoidh libh iarraidh ar scoláirí a bheith ina mbaill d'Fhoireann Seaimpíní

Do mhúinteoirí agus do scoláirí

- > **Rianaire Pleanála Foireann Seaimpíní:** Chun cuidiú leat súil a choinneáil ar an liosta rudaí atá le déanamh agat, íoslódáil an uirlis áisiúil phleanála seo ag languagesconnect.ie/thinklanguages-downloads
- > **Ceisteanna Coitianta:** Féach ar na ceisteanna coitianta ar languagesconnect.ie/thinklanguages-faqs
- > **Seoladh ríomhphoist:** Déan teagmháil le thinklanguages@ppli.ie chun nascadh lenár bhfoireann tacaíochta maidir le ceist ar bith



Acmhainní Bolscaireachta

Úsáid na hacmhainní seo chun
féile Sheachtain #ThinkLanguages a
chur chun cinn in bhur scoilse.

- > **Póstaeir:** Fuair tú póstaeir sa phacáiste tosaigh. Cuir suas thart ar an scoil iad chun daoine a chur ar an eolas faoi Sheachtain #ThinkLanguages
- > **Pacáiste Imeachta Féile:** Gheobhaidh tú an pacáiste seo go luath i mí na Samhna. Tá réimse nithe ann a chuirfidh beocht san fhéile. San áireamh ann tá stiallbhratacha, T-léinte Foireann Seaimpíní, Teangacha spraiúla i mbileoga is féidir a oscailt amach, agus tuilleadh
- > **Preasráiteas samplach:** Íoslódáil é seo ag languagesconnect.ie/thinklanguages-downloads. Déan eagar air mar is cuí agus cuir chuig an nuachtán, nó chuig an stáisiún raidió áitiúil é, chun insint dóibh faoin imeacht
- > **Teastais rannpháirtíochta:** Is féidir iad seo a thabhairt amach do scoláirí atá rannpháirteach i rith Sheachtain #ThinkLanguages nó mar chuid de cheiliúradh na hIdirbhliana ag deireadh na bliana. Gheobhaidh tú iad seo mar chuid de Phacáiste Tosaigh na Féile agus is féidir iad a íoslódáil freisin ó languagesconnect.ie/thinklanguage-downloads



Acmhainní Cláir

Féach ar na hacmhainní thíos agus smaoinigh ar na nithe is féidir a chur san áireamh in bhur gclár imeachta Sheachtain #ThinkLanguages.

- > **Searmanas oscailte:** Tosaigh imeacht Sheachtain #ThinkLanguages leis an bhfíseán inspioráideach 30 nóiméad seo. Tá léargais ann ó dhaoine a bhfuil buntáistí teangacha feicthe acu ina saol agus ina ngairmeacha. Beidh an físeán ar fáil i mí na Samhna ar languagesconnect.ie/thinklanguages
- > **Tráth na gCeist idirghníomhach de chuid #ThinkLanguages:** Bí páirteach i gcoinne scoileanna ar fud na tíre le fáil amach cé aige a bhfuil an t-eolas is fearr faoi theangacha! Maireann an tráth na gceist seo, atá bunaithe ar theangacha, ar feadh 30 nóiméad, agus beidh sé ar siúl faoi dhó gach lá i rith Sheachtain #ThinkLanguages. Seolfar sonraí agus naisc don tráth na gceist chuig scoileanna atá cláraithe i mí na Samhna
- > **Ceardlanna réamhthaifeadta:** Féach ar na ceardlanna ar líne atá dírithe ar theangacha agus ar chultúir, ar lch 11 den lámhleabhar seo agus ar ár suíomh gréasáin freisin
- > **Páirtithe #ThinkLanguages:** Tá roinnt gníomhaíochtaí iontacha ar fáil ag páirtithe #ThinkLanguages in Institiúid Scannán na hÉireann agus in ollscoileanna ar fud na tíre. Is féidir iad a chur leis an gclár féile. Léigh tuilleadh ar na leathanaigh a leanann

Ceardlanna beo aghaidh ar aghaidh

Bíonn an-tóir ar cheardlanna beo #ThinkLanguages i gcónaí agus cuirfidh foireann #ThinkLanguages iad ar fáil do roinnt scoileanna. Má léirigh tú suim iontu agus tú ag clárú, seans go ndéanfaimid teagmháil libh i rith mhí Dheireadh Fómhair chun a chur in iúl daoibh go mbeidh éascaitheoir ceardlainne beo in bhur scoil.

Tabhair faoi deara: Mar go bhfuil teorainn leis an líon ceardlann beo is féidir a chur ar fáil, beidh ort glacadh leis an gcuireadh taobh istigh den am a thugtar nó ofrálfar an ceardlann do scoil eile. Cinntíonn sé sin go mbeidh deis ag an líon is mó scoileanna is féidir ceardlann bheo a fháil.



Ceardlanna ar líne

Tá réimse leathan ceardlanna réamhthaifeadta, a bhfuil baint acu le teangacha agus cultúir, is féidir a chur in bhur n-imeacht. Déan iniúchadh ar rud éigin éagsúil, nó ar theanga a bhfuil taithí agaibh uirthi, ó dhearcadh nua! Féach ar an liosta teideal thíos.

Ceardlanna atá ar fáil:

- > Araibis agus Damhsa Boilg
- > Ealaín Shíneach
- > Sínis
- > Danmhairgis agus dearadh
- > Fraincis agus Cuisine
- > Fraincis agus Faisean
- > Fraincis agus Beacheaireacht Nádúrtha
- > Gearmáinis agus Tithíocht Éighníomhach
- > Arán Gearmánach
- > Gearmáinis, Kaffee und Kuchen
- > Ateangaireacht le hAteangairí ón AE – Ginearálta
- > Ateangaireacht le hAteangairí ón AE – Fraincis
- > Ateangaireacht le hAteangairí ón AE – Gearmáinis
- > Ateangaireacht le hAteangairí ón AE – Spáinnis
- > Ateangaireacht le hAteangairí ón AE – Iodáilis
- > Teanga Chomharthaíocht na hÉireann
- > Iodáilis agus Cuisine
- > Seapáinis
- > Gréigis
- > Polainnis
- > Portaingéilis agus Capoeira
- > Rúisis agus Bailé
- > Spáinnis agus Flamenco
- > Spáinnis agus Peil
- > Spáinnis agus Tapas

Online Workshops Descriptions and requirements

1. Arabic and Belly Dancing

Beginner
Learn some basic phrases, numbers etc in Arabic while doing an active belly dancing class. PE gear and a bottle of water highly recommended.

Workshop	PE Gear	Water	Materials
Arabic and Belly Dancing	X	X	X

2. Chinese Art

Beginner
Our interdisciplinary artist will help students create a beautiful mini 'booklet' with 8 Chinese characters, designed to help students remember what they mean. There's an introduction to Chinese characters of Chinese characters and students will be shown the process for the characters, so that they know how to pronounce them, as well as what they mean.

Workshop	PE Gear	Water	Materials
Chinese Art	X	X	X

3. Chinese Language

Beginner
A teacher talks in Chinese language for complete beginners. No prior knowledge or materials required. Students will come away with some useful phrases and interesting cultural information.

Workshop	PE Gear	Water	Materials
Chinese Language	X	X	X

4. Danish and Design

Beginner
A comparison of design and Danish language for complete beginners. This is a lesson about the importance of design in life, how it can be used to improve your life, and a traditional Danish craft for your Christmas tree. Workshop, scissors and glue are required.

Workshop	PE Gear	Water	Materials
Danish and Design	X	X	X

5. French and Cuisine

Beginner
This is a combination of home science and French. The workshop is in French and students will have a recipe as the end of a week they can try out at home. Students need to have done Junior Cycle French to do this workshop.

Workshop	PE Gear	Water	Materials
French and Cuisine	X	X	X

6. French and Fashion

Beginner
This was filmed in Paris and is likely to appeal to anyone interested in fashion. We are invited into the world of haute couture and encouraged to look at clothing, where it comes from and how it can be adapted. Students need to have done Junior Cycle French and there is an accompanying worksheet, students can even bring in an optional item of clothing for displaying.

Workshop	PE Gear	Water	Materials
French and Fashion	X	X	X

10. Irish Sign Language (ISL)

Beginner
Approximately 50,000 people in Ireland communicate using ISL. Step into their world with a master class in ISL. An accompanying worksheet. There is an accompanying worksheet.

Workshop	PE Gear	Water	Materials
Irish Sign Language (ISL)	X	X	X

Italian and Cuisine


Beginner
Bring home Italian food and this recipe to create a delicious meal. The recipe is in Italian and English. It's a great way to learn some Italian words, and a recipe for trying at home. There is an accompanying worksheet.

Workshop	PE Gear	Water	Materials
Italian and Cuisine	X	X	X

Japanese

Learn Japanese for complete beginners. No prior knowledge or materials required. Students will come away with some useful phrases and interesting cultural information.

Workshop	PE Gear	Water	Materials
Japanese	X	X	X



Nod don Fhoireann Seaimpíní

Maidir leis an méid atá ag teastáil do gach ceardlann, agus an leibhéal ar a bhfuil sí dírithe, tá na sonraí iomlána ar fáil i leabhrán is féidir a íoslódáil ag languagesconnect.ie/thinklanguages-downloads

D'fhéadfadh sibh an liosta ceardlann agus achoimrí a roinnt le bhur chomhscoláirí agus vóta a chaitheamh ar son na gceardlann ba mhaith libh a chur san imeacht in bhur scoilse.



Scanaigí an cód QR chun an leabhrán ceardlann a íoslódáil

#ThinkLanguages ar Champas

Fud fad na tíre tá ollscoileanna ag glacadh páirt i Sheachtain #ThinkLanguages 2025: trí imeachtaí a chur ar siúl ar an gcampas, trí cheardlanna a chur ar fáil do scoileanna, trí aoichainteoirí a chur ar fáil do scoileanna, agus tuilleadh. Bí rannpháirteach chun tuairim a fháil conas mar a bheadh sé staidéar a dhéanamh

D'fhéadfadh do scoil iarraidh ar ambasadóir scoláirí teacht ar cuairt i rith Sheachtain #ThinkLanguages, nó turas a eagrú chuig ollscoil le haghaidh ceardlann speisialta agus chun níos mó a fháil amach faoin saol mar mhac léinn teanga. Tugann sé seo deis do scoláirí Idirbhliana iniúchadh a dhéanamh ar an gcoláiste agus ar chonair ghairme le teangacha.

Déanfaidh scoileanna agus ollscoileanna teagmháil le chéile chun gníomhaíochtaí a eagrú do scoláirí i rith Sheachtain #ThinkLanguages. Faigh amach cad atá ar fáil in bhur réigiún ar languagesconnect.ie/thinklanguages-partners nó trí theagmháil a dhéanamh le hoifigeach teagmhála in ollscoil áitiúil.





Tá liosta teagmhála thíos d'Oifigigh Ollscoile #ThinkLanguages

Ollscoil	Teagmháil	Rphost
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Dr Elena Lopez Dr Inmaculada Gómez Soler	elena.me.lopez@dcu.ie inmaculada.gomezsoler@dcu.ie
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	Marie Bouquet	marie.bouquet@dkit.ie
Coláiste Mhuire gan Smál	Caoimhe Nioclás	caoimhe.nioclás@mic.ul.ie
Ollscoil Mhá Nuad	Outreach Officer	smlc@mu.ie
Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan	Sheree Borge	sheree.borge@mtu.ie
Coláiste Ósta na Sionainne	Danielle Martin Emma Daly	danielle.martin@universityofgalway.ie edaly@universityofgalway.ie
Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt	Li Ping Varley Monica Rudi Kent	liping.varley@setu.ie monica.rudikent@setu.ie
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	Isabel Martínez	Isabel.martinez@tudublin.ie
Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir	Patricia Quigley	patricia.quigley@tus.ie
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Zoë Coleman	colemanz@tcd.ie
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Dr Silvia Ross Margot Spencer	s.ross@ucc.ie m.spencer@ucc.ie
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	Dr Derval Conroy Dr Eileen Bowman Dr Anna Nunan Prof Micheal Brophy	derval.conroy@ucd.ie eileen.bowman@ucd.ie anna.nunan@ucd.ie michael.brophy@ucd.ie
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	Dr Francesca Nicora Suzanne Gilsenan	francesca.nicora@universityofgalway.ie suzanne.gilsenan@universityofgalway.ie
Ollscoil Luimnigh	Dr Erika Marcet	erika.marcet@ul.ie



Coláiste Ósta na Sionna
Shannon College of Hotel Management



#ThinkLanguages sna hInstitiúidí Cultúir

Beidh Institiúidí Cultúir rannpháirteach i Seachtain #ThinkLanguages 2025: trí imeachtaí ar champas a óstáil, trí cheardlanna a eagrú, trí aoichainteoirí a óstáil, trí acmhainní ar líne a chur ar fáil do scoileanna, agus go leor eile. Glac páirt chun blaiseadh a fháil den Fhraincis, den Iodáilis, den Ghearmáinis nó den Spáinnis.

Déanfaidh scoileanna agus institiúidí cultúir teagmháil le chéile chun gníomhaíochtaí a eagrú do scoláirí i rith Sheachtain #ThinkLanguages.

Faigh amach cad a bheidh ar fáil trí theagmháil a dhéanamh leis an teagmhálaí cuí ag gach institiúid chultúir atá liostáilte thíos.

Institiúid Chultúrtha	Teagmhálaí	Rphost
Alliance Française Baile Átha Cliath	Alexandre Benserade	AlexandreBenserade@alliance-francaise.ie
Instituto Cervantes de Dublin	Lola Rodriguez Camacho	lola.rodriguez@cervantes.es
Istituto Italiano di Cultura di Dublino	Caterina Muratore	classes.iicdublino@esteri.it
Goethe Institut Irland	Andrea Battes	Andrea.Battes@goethe.de



Chun tuilleadh sonraí a fháil, agus chun teacht ar acmhainní atá ar fáil daoibh ónár bpáirtithe, téigh chuig languagesconnect.ie/thinklanguages-partners



#ThinkLanguages ag an bpictiúrlann

Féach ar theangacha mar chuid de chultúr bheo i scannáin! Tá clár faoi leith scannán ag Institiúid Scannán na hÉireann do Sheachtain #ThinkLanguages. Roghnaigh ó scannáin ag an bpríomhpictiúrlann i mBaile Átha Cliath agus in ionaid réigiúnacha, nó sruthaigh scannán go díreach chuig bhur seomra ranga le **IFI@Schools**.

Is í Institiúid Scannán na hÉireann an institiúid chultúrtha náisiúnta don scannánaíocht. Tá Clár speisialta Scoile acu ina gcuireann siad na scannáin is fearr náisiúnta agus idirnáisiúnta os comhair lucht féachana. Is liosta a cuireadh le chéile go speisialta do scoláirí é Clár Scoile ISÉ. Bíonn sé ar siúl san ISÉ, in ionaid réigiúnacha agus ar an ardán sruthaithe ar líne **IFI@Schools**.

I mbliana, le haghaidh Sheachtain #ThinkLanguages, déan iniúchadh ar theangacha agus ar chultúr trí scannáin – eagraigh turas chuig d'ionad ealaíne áitiúil le féachaint ar scannán i dteanga eile nó glac seans ar thaispeáint mistéireach ag an ISÉ i mBaile Átha Cliath, nó sruthaigh scannán sa seomra ranga. Chun teacht ar eolas breise faoi na scannáin atá ar fáil ó ISÉ, téigh chuig languagesconnect.ie/thinklanguages-partners

Ionaid ar fud na hÉireann

Anuraidh, d'fhéach breis agus 1,500 scoláire ar scannán mar chuid de Sheachtain #ThinkLanguages. Tá sonraí iomlána na n-ionad ina mbeidh scannáin ar siúl i mbliana, agus eolas faoin mbealach chun iad a chur in áirithe, ar fáil ag languagesconnect.ie/thinklanguages-partners

Scoileanna ISÉ

Murar féidir leat dul chuig pictiúrlann i rith Sheachtain #ThinkLanguages, is féidir scannáin a shruthú díreach isteach sa seomra ranga. Tá a lán scoileanna tar éis úsáid a bhaint as **IFI@Schools**, ardán uathúil a shruthaíonn na scannáin Éireannacha agus idirnáisiúnta is fearr chun na scoláirí.

Seisiún Eolais ISÉ

I lár mhí Dheireadh Fómhair, cuirfidh ISÉ seisiún eolais ar fáil ar líne do mhúinteoirí atá ag iarraidh tuilleadh a fháil amach faoi thairiscintí ISÉ. Beidh deis ag múinteoirí réamhbhlaiseadh a fháil de scannáin ISÉ a bheidh ar fáil i rith Sheachtain #ThinkLanguages, agus beidh deis acu na leabhráin treorach a phlé (áit a bhfuil siad ar fáil). Beidh tuilleadh eolais ar na seisiúin sin ar fáil ar ár suíomh gréasáin, ar ár gcainéil shóisialta agus roinnfear ar ríomhphost iad.



Seans go dtiocfaidh athrú ar na scannáin.

#ThinkLanguages sa Phobal Áitiúil

Is deis iontach é #ThinkLanguages chun Smaoineamh go Domhanda agus Gníomhú go hÁitiúil. Gach bliain, bíonn iontas ar scoláirí Idirbhliana agus ar mhúinteoirí a fháil amach cé mhéad teanga atá thart orthu, nuair a nochtann a gcomhscoláirí agus a gcomhghleacaithe scileanna teanga nach raibh a fhios acu fúthu!

Smaoinigh go Domhanda, Gníomhaigh go hÁitiúil!

Smaoinigh ar dhaoine a d'fhéadfadh ról a imirt in bhur n-imeacht do Sheachtain #ThinkLanguages.

- > Smaoinigh ar dhaoine a d'fhéadfadh ról a imirt in bhur n-imeacht do Sheachtain #ThinkLanguages
- > Déan taighde le fáil amach cé mhéad teanga a labhraíonn scoláirí in bhur scoilse, nó cé mhéad scoláire in bhur scoilse atá ilteangach
- > Labhair le scoláirí eile, tuismitheoirí – an bhféadfadh duine frásaí ina dteanga dhúchais a mhúineadh, nó béile óna gcultúr a dhéanamh agus a thaispeáint, nó uirlis thraidisiúnta a sheinm?
- > Déan iniúchadh ar chomhlachtaí áitiúla agus ar ghrúpaí pobail – an bhfuil duine ann a dhéanadh stiúradh ar cheardlann, a thabharfadh caint ar theangacha ina ghairm/gairm?



#ThinkLanguages sa Bhunscoil

Is féidir le scoláirí, atá rannpháirteach in #ThinkLanguages, cuairt a thabhairt ar bhunscoil áitiúil chun taispeáint do pháistí níos óige g spraoi a bhaint as foghlaim teanga nua san iar-bhunscoil. Bain úsáid as roinnt de na blasranganna (taster classes) teanga atá againn chun inspioráid agus spreagadh a thabhairt d'fhoghlaimeoirí óga. Chun teacht ar eolas breise maidir le blasrang teanga a eagrú, agus chun teacht ar shamplaí de smaointe spráíúla agus de chluichí, téigh chuig languagesconnect.ie/thinklanguages

Teistiméireacht ó Scoláire Idirbhliana (Dúrlas Éile, Tiobraid Árann)

“An buaicphointe domsa ná an chuairt a thug mé ar an mbunscoil áitiúil. Thug muid linn aibhsitheoirí, pinn agus leabhráin eolais ar an bhFrainc, de chuid #ThinkLanguages, mar chuid den bhlasang Fraincise. Mhúin muid raon stór focal i bhFraincis ar bhealach spráíúil gníomhach. Ag deireadh an bhlasang Fraincise, rinne muid amhráin i bhFraincis agus tráth na gceist. B'eispéireas iontach taitneamhach é, a mbeidh cuimhne agam uirthi go deo.”

Teistiméireacht ó Mhúinteoir Teanga (An tAonach, Tiobraid Árann)

“D'éirigh go han-mhaith leis an gcuairt bhunscoile. Bhí sé go hálainn, mar mhúinteoirí, féachaint ar ár gcuid scoláirí ag múineadh, agus na modheolaíochtaí céanna a d'úsáid muid leo le 3 bliana anuas, in úsáid acu. Bhí sé cosúil, ar bhealach, le bheith ag féachaint ar leaganacha beaga dínn féin ag obair! Ar an iomlán, eispéireas iontach.”

Céim 3

Déan Plean agus Cuir chun cinn é

Anois tá a fhios agaibh cad atá ar fáil uainn agus ónár bpáirtithe, tá sé in am don Fhoireann Seaimpíní plean a dhéanamh agus fáil amach conas is féidir beocht a chur in bhur bhféile.

Tosaigh ag pleanáil

- > Socraigh cé acu lá (laethanta) de Sheachtain #ThinkLanguages a bheidh gníomhaíochtaí ar siúl
- > Úsáid rianaire pleanála Fhoireann Seaimpíní agus na cártaí tascanna chun tacú leis an bhfoireann san eagrú
- > Pléigí na hacmhainní ar fad agus socraígí ar na nithe a chuirfidh sibh san áireamh in bhur n-imeacht

Cuir an fhéile chun cinn


Ná déan dearmad daoine a chur ar an eolas faoin imeacht!

- > Cuir an t-imeacht chun cinn ar scáileáin scoile
- > Cuir suas na póstaer ón bpacáiste tosaigh
- > Iarr ar an múinteoir a bhfuil freagracht na meán sóisialta air/uirthi ábhar faoin imeacht a roinnt.
- > Tabhair cuireadh do ghrianghrafadóir, stáisiún raidió nó tuairisceoir nuacht áitiúil tuairisc a dhéanamh ar an lá agus í a roinnt leis an bpobal.



An bhfuil inspioráid uaibh?

Is féidir teacht ar thuilleadh inspioráide ó ghníomhaíochtaí a d'eagraigh scoláirí agus scoileanna roimhe seo ar languagesconnect.ie/thinklanguages



Céim 4

Bain sult as Seachtain #ThinkLanguages

Anois níl le déanamh ach na sonraí deireannacha a eagrú don imeacht! Tá an planáil déanta, tá an clár dearbhaithe, agus tá beocht Sheachtain #ThinkLanguages le feiceáil sa scoil! Beidh ar Fhoireann Seaimpíní #ThinkLanguages roinnt bheag rudaí a dhéanamh le cinntiú go n-éiríonn go geal leis an bhféile.

- > Ullmhaigh na seomraí ina mbeidh gníomhaíochtaí ag tarlú.
- > Cuir fáilte roimh aionna nuair a shroicheann siad an scoil.
- > Déan seiceáil ar theilgeoirí agus ar fhuaim.
- > Socraigh agus déan tástáil ar ghníomhaíochtaí ar líne.
- > Déan plan maidir le hábhair phromóisín a sheachadadh.
- > Glac grianghraif agus físeáin agus roinn ar líne, cinntigh go gclibeálann sibh muid, agus úsáid an haischlib **#ThinkLanguages**

Ná déanaigí dearmad!

Agus sibh ag planáil le haghaidh Sheachtain #ThinkLanguages, agus an vlag á thaifeadadh agaibh, féach ar na noda atá ullmhaithe againn chun imeacht rathúil a chinntiú.



10 Nod chun Féile Rathúil #ThinkLanguages a Eagrú

- 1 **Déan ceiliúradh ar theangacha na scoile:** léirigh an éagsúlacht shaibhir teangacha sa phobal scoile agus sa cheantar
- 2 **Iarr ar gach duine a bheith páirteach:** Cinntigh go nglacann na scoláirí ldirbhliana ar fad páirt ann – rudaí spraíúla do gach duine is ea teangacha!
- 3 **Úsáid téamaí #ThinkLanguages mar inspioráid:** Lig do na téamaí oifigiúla tú a threorú i bpleanáil fhiúntach, agus iad ag teacht leis na Gnéithe Scoláirí ar Chlár na hldirbhliana
- 4 **Faigh Páirtí:** Déan iniúchadh ar cheardlanna iontacha, aoi-chainteoirí agus áiseanna ó pháirtithe #ThinkLanguages
- 5 **Iarr ar an bpobal áitiúil a bheith páirteach:** Téigh ar cuairt chun bunscoileanna nó tabhair cuireadh do dhaoine gairmiúla áitiúla a úsáideann teangacha ina ngairmeacha
- 6 **Eagraigh lá scannáin:** Eagraigh turas chuig an bpictiúrlann nó cuir scannán i dteanga iasachta ar siúl sa scoil
- 7 **Déan teagmháil le hollscoileanna agus le hinstitiúidí cultúrtha áitiúla:** Eagraigh cuairteanna nó tabhair cuireadh d'ambasadóirí scoláirí chun a gcuid eispéireas a roinnt
- 8 **Eagraigh le fonn:** Úsáid seicliostaí, tabhair dualgais do scoláirí, agus breac síos lucht freastail ar cheardlanna
- 9 **Smaoinigh go loighiciúil:** Ullmhaigh le haghaidh cuairteoirí le comharthaí, páirceáil agus pleananna fáilte
- 10 **Gléas go snásta don lá:** Caith bróga compordacha – beidh lá gnóthach gníomhach agat



Bí cinnte sinn a chlibeáil ar na meáin shóisialta agus an haischlib
#ThinkLanguages in úsáid
 f @LanguagesConnect.ie
 x @langconnect_ie
 @languagesconnect

Céim 5

Cuir isteach ar na Comórtais

Mar chuid d'fhéile #ThinkLanguages na bliana seo, iarrtar ar scoláirí Idirbhliana páirt a ghlacadh in dhá chomórtas. A bhuí leis an Roinn Ghnóthaí Eachtra, mar chuid de Gairm don AE, tá duaiseanna ann do na comórtais sin.

Tugann an dá chomórtas deis do scoláirí Idirbhliana machnamh a dhéanamh ar ról teangacha ina saol, agus an fhoghlaím atá déanta acu a léiriú ar bhealach fiúntach. Tugtar sonraí iomlána – mar aon le treoracha chun cur isteach orthu – ar na leathanaigh a leanann.

Comórtas Póstaeir do Scoláirí Aonair

Spreagann an Comórtas scoláirí Idirbhliana chun an nasc atá acu le teangacha a léiriú, agus béim faoi leith a chur ar an tacaíocht a thugann teangacha do chonair ghairme amach anseo.

Comórtas Vlag na Foirne Seaimpiní

Sa chomórtas thuas, iarrtar ar an seisear ar Fhoireann Seaimpiní na scoile, taifeadadh a dhéanamh ar eispéireas na féile #ThinkLanguages ar fhíseán.

Ba chóir (i) go ndéanfaí aibhsiú ar na téamaí oifigiúla sna hiontrálacha (lch 3), (ii) go léireofar na teangacha agus na cultúir sa scoil, agus (iii) go dtaispeánfar fuinneamh agus gníomhaíochtaí na seachtaine.



A Career for EU Gairm san AE

Could this be A Career for EU?

Ar smaoinigh tú riamh ar obair a fháil leis an AE? Seans gur leithne, ná a shíleann tú, an réimse gairmeacha atá le roghnú. Díríonn straitéis na Roinne Gnóthaí Eachtracha 'Gairm san AE' ar líon na nÉireannach in institiúidí AE a mhéadú.

Más maith libh tuilleadh a fhoghlaim faoi ghairm san AE, faoi na céimeanna is gá daoibh a thógáil chun an chonair seo a leanúint, agus faoi na tacaíochtaí atá ar fáil, féach ar ireland.ie/eu-jobs nó lean ar X @EUJobsIreland iad



Comórtas Póstaeir do Scoláirí Aonair

Mar chuid de Sheachtain #ThinkLanguages, beidh scoláirí ar fud na hÉireann ag déanamh ceiliúradh ar theangacha agus ar na deiseanna a chruthaítear leo. Anois, seal s'agatsa atá ann chun do phaisean a léiriú ar phóstaer suntasach spreagúil! Táimid ag tabhairt cuireadh do gach scoláire Idirbhliana póstaer lámhdhéanta nó digiteach (nár gineadh ag IS) a chruthú, agus an téama a leanas á aibhsiú air.

Deiseanna Oibre Smaoinigh go Domhanda

Ba chóir do do phóstaer iniúchadh a dhéanamh ar theangacha faoin téama Deiseanna Oibre Smaoinigh go Domhanda. Chun tuilleadh sonraí, agus téarmaí agus coinníollacha iomlána, a fháil téigh chuig languagesconnect.ie/thinklanguages-competitions

Smaoinigh ar Dheiseanna Oibre Domhanda
#ThinkLanguages



Conas cur isteach ar an gcomórtas

- > Cruthaigh póstaer de do chuid féin, i bhformáid A4, bunaigh é ar an téama Deiseanna Oibre Smaoinigh go Domhanda. Is féidir é a tharraingt de láimh nó go digiteach. Tá cosc iomlán ar phóstaer a ghineann IS
- > Cuir isteach teanga amháin eile ar a laghad ar an bpóstaer, seachas Gaeilge nó Béarla
- > Déan mealltach é – úsáid dathanna, siombailí agus téacs go cruthaitheach
- > Cuir isteach do phóstaer mar íomhá ar ardchaighdeán nó PDF tríd an bhfoirm iontrála faoi 5.i.n. ar an **Luan 1 Nollaig 2025** ar languagesconnect.ie/thinklanguages-competitions

Critéir Mholtóireachta

Beidh na moltóirí ag lorg póstaer cruthaitheach, mealltach spreagúil. Déanfaidh siad measúnú ar gach iontráil bunaithe ar na nithe seo:

- > **Cruthaitheacht agus Dearadh:** Úrnuacht, cáilíocht ealaíonta, tionchar na n-íomhánna
- > **Teachtairacht agus Téama:** Cé chomh maith is a dhéanann do phóstaer iniúchadh agus léiriú ar an téama
- > **Teanga:** Úsáid éifeachtach teanga eile ar an bpóstaer seachas nó anuas ar Ghaeilge nó ar Bhéarla

An chéad chéim eile: Duaiseanna agus Craobh Náisiúnta #ThinkLanguages

- > Gheobhaidh na 3 iontráil is fearr dearbhan iontach!
- > Roghnófar buaiteoirí an chomórtais phóstaer, agus tabharfar cuireadh dóibh chuig Craobh Náisiúnta #ThinkLanguages i mí Eanáir 2026. Ansin, iarrfar orthu na póstaer a thaispeáint ag an gcraobh, agus an inspioráid don saothar a roinnt

Comórtas Vlag na Foirne Seaimpíní

Táimid ag tabhairt cuiridh d'Fhoirne Seaimpíní vlag gairid, mealltach a chruthú ar a léirítear buaicphointí Sheachtain #ThinkLanguages in bhur scoilse – léirigh mar a rinneadh ceiliúradh ar theangacha sa scoil agus sa phobal i rith na Seachtaine. Is cuma má tá teanga nua á foghlaim agat, cultúir éagsúla á n-iniúchadh agat, nó má tá tú ag smaoineamh ar ghairmeacha amach anseo, cuir isteach ar Chomórtas Fhoireann Seaimpíní le bhur vlag chun deis a fháil turas chun na Buiséile a bhuachan!



Mar a oibríonn an comórtas

- > Cuir Foireann Seaimpíní le chéile le seisear scoláirí Idirbhliana agus tabhair ról do gach duine acu.
- > Déan pleanáil ar Sheachtain #ThinkLanguages agus bain sult as
- > Cruthaigh vlag 3 nóiméad i stíl clár faisnéise ar a bhfuil an eispéireas féile.
- > Bíodh ar a laghad teanga amháin, seachas Gaeilge nó Béarla, air
- > Ba chóir go mbeadh ionchur ó gach ball ar an bhfoireann, agus iad ag cur síos ar ghníomhaíochtaí agus ar léargais ar chinnteoireacht ar an bhFoirm Iontrála do Chomórtas na Foireann Seaimpíní
- > Cuir isteach an vlag agus an fhoirm iontrála ar WeTransfer faoi 5 i.n. **Dé Luain 1 Nollaig 2025**
- > Chun teacht ar thuilleadh sonraí téigh chuig languagesconnect.ie/thinklanguages-competitions
- > Vlag amháin ó gach scoil

Mar a dhéantar moltóireacht ar an gcomórtas

Déanfar athbhreithniú ar gach iontráil agus déanfar moltóireacht bunaithe ar:

- > Iniúchadh ar theangacha agus ar chultúir
- > Úsáid shoiléir théamaí #ThinkLanguages (féach lch 3)
- > Úsáid éifeachtach teanga eile, seachas Gaeilge nó Béarla.
- > Teagmháil leis an scoil agus leis an bpobal áitiúil
- > Cur chun cinn an imeachta, agus gníomhaíochtaí páirtithe san áireamh
- > Comhlíonadh na teorann ama 3 nóiméad

An chéad chéim eile: Duaiseanna agus Craobh Náisiúnta #ThinkLanguages

- > Tabharfar cuireadh do na trí fhoireann is fearr a gcuid torthaí a chur i láthair ag Craobh Náisiúnta #ThinkLanguages i mí Eanáir 2026
- > Bronnfar an duais iontach ar an bhfoireann a bhuafaidh: turas chuig an mBuiséil!

Buaigh turas chuig an mBruiséil

Turas spreagúil chuig an mBruiséil
Sin an duais iontach atá i gcomórtas
Vlag na Foirne Seaimpíní i mbliana.
Tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha ag
maoiniú na duaise mar chuid ded
straitéis Gairm san AE.

Faoin duais

Turas go croí na hEorpa é seo nach ndéanfa
ach uair amháin i do saol, san áireamh tá:

- > Eitiltí agus lóistín dhá oíche don fhoireann bhuacach (seisear scoláirí agus beirt mhúinteoirí taca ar a mhéad)
- > Turas chuig Coimisiún na hEorpa chun léargas a fháil ar an gcineál poist atá san AE i ndáiríre!
- > Turas thart ar iontais na Bruiséile, an Atomium, agus an Grand Place fíorálainn, mar shampla.
- > Déan do sheacláid féin ag chocolaterie ceardaithe.
- > Airgead le haghaidh béilí agus costais aerfoirt.
- > Árachas taistil

Tá sé an-éasca cur isteach ar an gcomórtas!

Cuir isteach bhur vlag mar chuid den fhoirm iontrála faoin **Luan 1 Nollaig 2025**. Chun teacht ar na téarmaí agus coinníollacha iomlána, téigh chuig languagesconnect.ie/thinklanguages-competitions

Ná déanaigí dearmad

Déan cinnte go gcoinníonn tú súil ar ár meáin shóisialta, agus bí ag faire amach d'uasdátú ar ríomhphoist ina mbeidh eolas tábhachtach ar Chomórtas Vlag Fhoireann Seaimpíní #ThinkLanguages.



Dúshlán Gaisce de chuid Fhoireann Seaimpíní #ThinkLanguages

Is comhpháirtithe muid le Gaisce anois! Scoláirí a bhfuil baint acu le Foireann Seaimpíní na scoile, is féidir leo na scileanna a fhorbraíonn siad sa tréimhse 13 sheachtaine a chur san áireamh chun Gradam Cré-Umha a bhaint amach.

Gaisce

Is é gradam náisiúnta na hóige in Éirinn é Gradam an Uachtaráin, agus spreagann sé daoine óga idir 14 agus 25 bliain d'aois a ndúshlán féin a thabhairt chun fás trí fhorbairt phearsanta.

Comhpháirtí Dúshlán Gaisce

Murar ball d'Fhoireann Seaimpíní thú, tá a lán bealaí ann go fóill ar féidir leat teangacha a úsáid chun Gradam Gaisce a bhaint amach sna réimsí Scil Phearsanta agus Rannpháirteachas Pobail. Chun tuilleadh sonraí a fháil ar an gcomhpháirtíocht idir muid agus Gaisce mar Chomhpháirtí Dúshlán, téigh chuig languagesconnect.ie/thinklanguages-partners



Scileanna a fhorbraítear trí #ThinkLanguages a eagrú

- > **Ceannaireacht agus obair foirne:** piaraí a spreagadh agus oibriú i dtreo na spriocanna céanna.
- > **Pleanáil agus eagrúchán:** Tascanna a chomhordú agus lóistíochta imeachta a bhainistiú.
- > **Cumarsáid agus teagmháil:** Cumarsáid leis an scoil agus leis an bpobal áitiúil.
- > **Taighde agus smaointeoireacht chriticiúil:** teangacha áitiúla agus rannpháirtithe a iniúchadh.
- > **Bainistíocht imeachta agus acmhainne:** a chinntiú go n-oibríonn an leagan amach agus oibríochtaí go héasca.
- > **Margaíocht agus cur chun cinn:** Ábhar a chruthú chun daoine a chur ar an eolas faoi.
- > **Réiteach fadhbanna agus solúbthacht:** Dul i ngleic le dúshláin agus pleananna a leasú.



GAISCE
THE PRESIDENT'S
AWARD



GAISCE
CHALLENGE
PARTNER





Bainisteoir Taighde

Baineann an ról seo le taighde a dhéanamh ar na teangacha a labhraítear in bhur scoil agus in bhur gceantar áitiúil, agus conas is féidir leo cur le himeacht Sheachtain #ThinkLanguages.

Tascanna agus freagrachtaí:

- > Déan taighde le fáil amach cé mhéad teanga a labhraíonn scoláirí in bhur scoil nó cé mhéad scoláire in bhur scoil atá ilteangach.
- > Déan taighde ar dhaoine nó ar eagraíochtaí in bhur gceantar áitiúil, leithéidí ollscoileanna, gnóthaí, nó clubanna a chuireann seirbhísí ar fáil i nuatheangacha iasachta, agus oibrigh leis an mBainisteoir Gníomhaíochtaí le teagmháil a dhéanamh leo agus cuireadh a tabhairt dóibh chuig d'ócáid.
- > Aimsigh bealaí chun na sonraí atá bailithe agaibh a thaispeáint ag ana imeacht, m.sh. ar phóstaire, nó ar chur i láthair, le sonraí suimiúla faoi theangacha in bhur scoil.
- > Aimsigh siopaí áitiúla nó bialanna in bhur gceantar a bheadh sásta cuidiú le himeacht #ThinkLanguages, m.sh. Bialann Iodálach, siopa Brasaíleach agus mar sin de.
- > B'fhéidir go mbeidh do chuidiú de dhíth ar an mBainisteoir Amchláir agus Bainisteoir Gníomhartha chun teacht ar chainteoirí agus am a eagrú dóibh; bí cinnte go roinneann tú an taighde leis an bhFoireann Seaimpíní.

Captaen na Foirne Seaimpíní

Baineann an ról seo le ceannaireacht, le sampla a thabhairt agus le tacú le gach ball den Fhoireann Seaimpíní chun an t-imeacht a dhéanamh chomh spreagúil rathúil agus is féidir leis a bheith.

Tascanna agus freagrachtaí:

- > Cruinnigh an Fhoireann Seaimpíní le chéile go minic chun plé a dhéanamh ar an t-imeacht, agus ar na tascanna atá le déanamh.
- > Cruthaigh dearcadh agus timpeallacht dearfach taobh istigh d'Fhoireann Seaimpíní #ThinkLanguages.
- > Bí i d'urlabhraí don imeacht in bhur scoil, spreag scoláirí eile agus múinteoirí dó.
- > Oibrigh go dlúth leis na múinteoirí taca, is tusa an pointe teagmhála dóibh.
- > Bí cairdiúil le gach ball den fhoireann.
- > Coinnigh súil ar spriocdhátaí imeachta agus comórtais.

Bainisteoir Amchláir Féile

Baineann an ról seo le himeachtaí an lae a phleanáil, agus le hobair na mball atá ar an bhfoireann a chomhordú chun go n-éireoidh go breá le gach rud.

Tascanna agus freagrachtaí:

- > Socraigh an lá/na laethanta i rith Sheachtain #ThinkLanguages a mbeidh bhur n-imeacht ar siúl.
- > Labhair leis na Bainisteoirí Gníomhaíochtaí agus Táirgthe le fáil amach cá fhad a mhairfidh gach gníomhaíocht agus imeacht, cén fearas atá ag teastáil agus cá fhad a ghlacfaidh sé é a shocrú, cén t-am a bheidh na ceardlanna agus cainteoirí ar fáil.
- > Roinn an bliainghrúpa, nó an ndéanfaidh gach duine na gníomhaíochtaí le chéile?
- > Cuir é sin san áireamh san amchlár.
- > Coinnigh súil ar an am i rith bhur n-imeacht i Seachtain #ThinkLanguages agus cinntigh go gcloíonn gach duine leis an amchlár.

Bainisteoir Margaíochta agus Meáin Shóisialta

Baineann an ról seo leis an imeacht a chur chun cinn agus tuairisciú a dhéanamh air, roimh Sheachtain #ThinkLanguages, lena linn agus ina dhiaidh.

Tascanna agus freagrachtaí:

- > Faigh amach tuilleadh faoi mheáin shóisialta na scoile agus faoi cé atá i gceannas orthu – beidh a gcuidiú de dhíth chun an scéal a scaipeadh faoin imeacht!
- > Déan taighde ar theicnící meáin shóisialta agus ar theicnící margaíochta agus cuir plan le chéile chun an t-imeacht a chur chun cinn.
- > Socraigh cé a bheidh ar an eolas faoin imeacht – scoláirí/múinteoirí/tuismitheoirí/an pobal – agus smaoinigh ar na bealaí is fearr chun an scéal a chur chucu.
- > Smaoinigh ar bhealaí eile chun an t-imeacht a chur chun cinn ar scoil – póstaer nó fógra ar idirchum na scoile nó i nuachtán áitiúil.
- > Féach ar na hacmhainní atá ar fáil ar languagesconnect.ie/thinklanguages

Bainisteoir Gníomhaíochtaí

Baineann an ról seo le cinneadh a ghlacadh faoi na cineálacha gníomhaíochtaí nó ceardlann a bheidh san áireamh in bhur n-imeacht agus le hoibriú le baill eile den Fhoireann Seaimpíní chun rudaí a shocrú dóibh.

Tascanna agus freagrachtaí:

- > Smaoinigh ar aon scoláire/tuismitheoir/mhúinteoir a bheadh ábalta labhairt ag ceardlann nó ceann a reáchtáil. Déan teagmháil leo agus tabhair cuireadh dóibh.
- > Agus na sonraí dearbhaithe leis an mBainisteoir Amchláir, roinn an t-eolas ar fad leis na cainteoirí agus le háisitheoirí ceardlann.
- > Seiceáil leis an mBainisteoir Táirgthe le cinntiú go bhfuil an fhoireann, an scoil agus na seomraí réidh do na gníomhaíochtaí.
- > Bí cinnte go n-insíonn tú do na scoláirí a bheidh ag freastal ar cheardlann faoi aon fhearas is gá dóibh a thabhairt leo.
- > Déan iniúchadh ar na ceardlanna ar líne agus roghnaigh ceann, mar aon le gníomhaíochtaí don imeacht Sheachtain #ThinkLanguages, mar shampla féachaint ar scannán i dteanga iasachta sa phictiúrlann áitiúil le ISÉ nó dul chuig campas ollscoil áitiúil.

Bainisteoir Táirgthe

Baineann an ról seo leis an bhfearas ar fad a bheidh riachtanach don imeacht a eagrú, seomraí a chur in áirithe agus a chinntiú go bhfuil gach spás réidh don imeacht.

Tascanna agus freagrachtaí:

- > Tar éis labhairt leis an mBainisteoir Gníomhaíochtaí, cruthaigh liosta den fhearas ar fad a bheidh de dhíth ort do gach gníomhaíocht don imeacht Sheachtain #ThinkLanguages.
- > Smaoinigh faoi na seomraí/spásanna (m.sh. halla spóirt nó cistin) a bheidh de dhíth agus labhair leis na baill foirne cuí chun iad a chur in áirithe do lá an imeachta.
- > An bhfuil scáileáin, teilgeoirí, callairí, nó micreafóin de dhíth ort don imeacht? Má tá, cinntigh go bhfuil cead iad a úsáid agus go bhfuil a fhios agaibh conas iad a shocrú.
- > Déan babhta tobsmaointeoireachta leis an bhfoireann maidir le maisiúchán do na seomraí agus hallaí d'imeacht na scoile. Déan plan go mbeidh sé go léir déanta do Sheachtain #ThinkLanguages.



#ThinkLanguages Week
Think Global Act Local



Bainisteoir
Margaíochta agus
Meáin Shóisialta



#ThinkLanguages Week
Think Global Act Local



Bainisteoir
Amchláir
Féile



#ThinkLanguages Week
Think Global Act Local



Bainisteoir
Táirgthe



#ThinkLanguages Week
Think Global Act Local



Bainisteoir
Gníomhaíochtaí

Cártaí Tascanna Fhoireann Seaimpíní

Ar na cártaí seo, tá ról agus freagrachtaí molta don seisear ar an bhFoireann Seaimpíní. Is féidir na cártaí a ghearradh amach agus a cheangal leis na láinnéir sa phacáiste ionas go mbeidh treoir áisiúil ag gach ball do na nithe atá le déanamh!

#ThinkLanguages Week
Think Global Act Local

Captaen
na Foirne
Seaimpíní

#ThinkLanguages Week
Think Global Act Local

Bainisteoir
Taighde

#ThinkLanguages Week

Think Global Act Local

 @LanguagesConnect.ie
 @langsconnect_ie
 @languagesconnect
 youtube.com/languagesconnect

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig
languagesconnect.ie/thinklanguages

Á chur ar fáil ag



Teangacha
Iar-bhunscoile Éireann
Post-Primary
Languages Ireland

Le tacaíocht ó



An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth